Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**9668/17**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0123 (COD)**

**TRANS 212**
**CODEC 923**
**IA 100**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 195 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 195 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 195 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2017
SWD(2017) 195 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil**

{COM(2017) 281 final}
{SWD(2017) 194 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar agus ar Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 maidir le rochtain ar an margadh idirnáisiúnta iompair de bhóthar

**A. An gá atá le beart**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Is iad seo a leanas na príomhfhadhbanna a sainaithníodh:

- Cúinsí a bhaineann an bonn ón iomaíocht chóir idir oibreoirí iompair cónaitheacha agus oibreoirí iompair neamhchónaitheacha.
- Costais mhóra ar an tionscal agus ar údaráis forfheidhmiúcháin Bhallstáit an Aontais.

Is éard is cúis leis na fadhbanna sin:

- Forfheidhmiú neamhréireach agus neamhéifeachtach.
- Easnaimh sna rialacha.
- Raon feidhme éagsúil na rialacha.

Is ar tharlóirí agus a gcuid fostaithe is mó a bhíonn tionchar ag na fadhbanna seo, ach bíonn tionchar acu freisin ar pháirtithe eile a bhfuil baint acu leis an slabhra iompair, amhail seoladóirí, seoltóirí lasta agus úsáideoirí deiridh.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta na hidirghabhála:

- Cuidiú le comhchuibhiú a dhéanamh ar na coinníollacha iomaíochta idir tarlóirí cónaitheacha agus tarlóirí neamhchónaitheacha.
- Costais a laghdú do ghnólachtaí agus forfheidhmiú éifeachtúil na rialacha a chinntiú.

Is iad seo a leanas an dá chuspóir shonracha:

- Faireachán agus forfheidhmiú comhleanúnach agus comhsheasmhach a áirithiú maidir leis na rialacha atá i bhfeidhm sna Ballstáit faoi láthair.
- Tuilleadh sonraithe a dhéanamh ar na rialacha agus líon na roghanna atá ag na Ballstáit a laghdú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Ní dócha go leigheasfar easnaimh na rialacha gan beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Ní féidir na heasnaimh a leigheas ach amháin le hidirghabháil reachtach chun na rialacha a chomhchuibhiú a thuilleadh. Is ar údaráis na mBallstát is mó atá cúram an fhorfheidhmiúcháin. D'fhonn leibhéal forfheidhmiúcháin níos aonfhoirmí agus cleachtais forfheidhmiúcháin chomhchosúla a bhaint amach, ní foláir don Aontas Eorpach rialacha a leagan amach chun an forfheidhmiú a éascú agus a dhéanamh níos éifeachtúla agus ní foláir freisin íosleibhéal coiteann forfheidhmiúcháin a lorg.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?**

**Rogha 1**: An creat dlíthiúil a shoiléiriú: bearta chun aon débhríocht atá ann a shoiléiriú agus chun tuilleadh sonraithe a dhéanamh ar na rialacha, gan iad a athrú go substaintiúil.

**Rogha 2**: An forfheidhmiú a neartú: sa bhreis ar na bearta a luaitear i Rogha 1, áirítear sa rogha seo bearta chun an forfheidhmiú a neartú.

**Rogha 3**: Athbhreithniú forleathan ar na rialacha: sa bhreis ar na bearta thuasluaite, áirítear sa rogha seo bearta breise a fhéachann leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana a athrú go substaintiúil.

**Rogha 4 - cothrománach**: Raon feidhme na rialachán a leathnú: leis an rogha seo déantar cur i bhfeidhm rialachán amháin de na rialacháin nó an dá rialachán féin a leathnú d'fhonn feithiclí éadroma tráchtála (LCVanna) a áireamh ann go hiomlán nó i bpáirt. D'fhéadfaí é a chomhcheangal le haon cheann de na roghanna eile.

Is éard atá sa rogha thosaíochta teaglaim de Rogha 3 agus leathnú páirteach Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 chun LCVanna a chuimsiú ann.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Tá comhaontú ginearálta ann maidir le formhór na mbeart arb é is aidhm dóibh coincheapa atá ann cheana a shoiléiriú agus a shonrú a thuilleadh agus forfheidhmiú na rialacha a threisiú. Tá easaontú ann, áfach, maidir leis na príomhbhearta éagsúla a d'fhéadfadh staideanna iomaíochta tarlóirí ó Bhallstáit dhifriúla a athrú. Go hiondúil, is fearr leis na Ballstáit ina n-íoctar tuarastail arda rialacha níos déine maidir le cabatáiste, rud lena dtacaíonn na ceardchumainn, ach is fearr leis na Ballstáit ina n-íoctar tuarastail ísle tuilleadh léirscaoilte i dtaca leis na rialacha cabatáiste, rud lena dtacaíonn formhór na gcomhlachas tarlóirí.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

- Bheadh gnólachtaí in ann airgead a shábháil trí dhoiciméid iompair leictreonacha a úsáid agus trí rialacha níos soiléire (EUR 3-5 billiún do 28 mBallstát an Aontais idir 2020 agus 2035).

- Faireachán agus forfheidhmiú níos éifeachtaí ar na rialacha agus laghdú ar líon na sáruithe. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh laghdú suas le 62 % ar na sáruithe ar rialacha cabatáiste agus laghdú thart ar 10 % ar an mbaol go dtiocfaidh ann do chuideachtaí caocha.

- Cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialacha i 28 mBallstát an Aontais.

Dálaí oibre níos fearr do thiománaithe.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

- Costais níos mó i dtaca le cur chun feidhme agus forfheidhmiú do na Ballstáit (EUR 65-166 mhilliún do 28 mBallstáit an Aontais idir 2020 agus 2035).

- Tiocfaidh de chur i bhfeidhm páirteach na rialacha maidir le LCVanna costais bhreise a chur ar ghnólachtaí, mar atá méadú thart ar 4-10 % ar na costais oibríochta.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Ní mheastar go mbeadh tionchar faoi leith ag formhór na mbeart na FBManna. D'fhéadfadh sé gur mhó an tionchar a bheadh ag leathnú páirteach na rialacha maidir le LCVanna ar oibreoirí an-bheag, áfach, ós rud é gur mó an úsáid a bhaineann siad as LCVanna.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

De réir mar a luadh thuas, cuirfear costais bhreise ar na Ballstáit de thoradh na rialacha a fhorfheidhmiú.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Ní bheidh tionchair shuntasacha chomhshaoil ná tionchair ar líon iomlán na bpost ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.
Sineirgí leis an tionscnamh sóisialta, mar atá:

(1) bearta atá dírithe ar an bhforfheidhmiú a fheabhsú; agus

(2) beidh de thoradh ar na rialacha nua maidir le cabatáiste agus an cur chuige ambhunaithe maidir le postú oibreoirí dá bhforáiltear faoin tionscnamh sóisialta a thabhairt isteach in éineacht, beidh de thoradh air sin forfheidhmiú an dá shraith rialacha a éascú.

**Comhréireacht?**

Ní théann an rogha thosaíochta thar a bhfuil riachtanach chun an bhunfhadhb a réiteach agus chun cuspóirí an tionscnaimh a chomhlíonadh.

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Tá sé beartaithe meastóireacht ar an Rialachán leasaitheach in 2025, ar choinníoll go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in 2020.